Cuntas Leithreasa 2021

# Vóta 6

# Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 6, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh ar thuarastail agus costais Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2021, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €783,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta a bhaineann le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorcláin 1 agus 9 de 2022, chun feidhme nuair a bhí an cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

***Ioncam fabhraithe***

Is ionann ioncam fabhraithe agus costais a ngearrtar cáin orthu atá dlite don Stát agus nach bhfuil gnóthaithe fós. Is é polasaí na hOifige dul sa tóir ar gach costas a ngearrtar cáin orthu agus a dhámhtar i bhfabhar an Stáit.

***Táillí abhcóidí fabhraithe***

Tá nótaí táillí a fuarthas ó abhcóidí faoi réir próiseas meastóireachta agus measúnaithe chun leibhéal na dtáillí atá dlite a dhéanamh amach. Ríomhtar fabhrú dheireadh na bliana i ndáil le dliteanais táillí abhcóidí trí ráta measta atá marcáilte anuas a chur i bhfeidhm (bunaithe ar an ráta marcáilte anuas a baineadh amach le linn an phróisis measúnaithe agus meastóireachta i mbliain an chuntais) ar nótaí táillí abhcóidí ar láimh ag deireadh na bliana.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Oifig córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a oibriú.

Comhlíontar an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go mbraithfí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus bíonn an córas agus a éifeachtacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí comhroinnte***

Cuireann an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte seirbhísí acmhainní daonna agus párolla ar fáil d'Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit.

Bím ag brath ar litir dhearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfuil na rialuithe iomchuí curtha i bhfeidhm i ndáil le seirbhísí comhroinnte a chur ar fáil don Oifig seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht cheartaitheach chuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ar bun chun comhairle a chur orm maidir lena leagtar de fhreagracht orm maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat um nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras ICT a chinntiú
- go bhfuil treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil cuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bainistíocht tionscadail.

***Iniúchóireacht inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Oifig trí chomhaontú conartha le cuideachta ghairmiúil iniúchóireachta ag a bhfuil pearsanra le hoiliúint chuí agus a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Glacann sí le hanailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige san áireamh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta an fheidhm iniúchóireachta inmheánaí a athbhreithniú go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach i leith thuairiscí na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Bhí feidhm iniúchóireachta inmheánaí don Oifig i bhfeidhm le linn 2021.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Cinntíonn an Oifig go gcuirtear béim chuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go mbítear ag comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad. Chomhlíon an Oifig na treoirlínte in 2021 seachas i gcás trí chonradh (sa bhreis ar €25,000), a raibh luach €232,145 ar an iomlán orthu (gan CBL san áireamh). Tugtar na mionsonraí thíos.

- Leanadh le conradh amháin a bhfuil luach €130,414 (gan CBL san áireamh) air i leith seirbhísí gníomhaireachtaí dlí (a bhaineann le cuardaigh thíolactha, phrobháide, mhaoine agus phleanála, i measc nithe eile) gan próiseas iomaíoch a thabhairt chun críche in 2021, a raibh síneadh leis taobh amuigh den dáta conartha a socraíodh ar dtús. Tá sé i gceist ag an Oifig an t-ábhar sin a thabhairt chun rialtachta agus iarraidh ar thairiscint a eisiúint in R2 2022.
- Dámhadh conradh amháin a raibh luach €39,381 (gan CBL san áireamh) air i leith seirbhís malartaithe doiciméad gan próiseas iomaíoch a thabhairt chun críche mar go mbaineann oifigí dlí sa Stát úsáid fhorleathan as an soláthraí.
- Bhain conradh amháin a raibh luach €62,350 (gan CBL san áireamh) air le hathnuachan ceadúnais úsáideora in 2021 d’fheidhmchlár cianoibre a suiteáladh ar bhonn éigeandála neamhiomaíoch sa bhliain 2020 de bharr phaindéim Covid-19.

Tá mionsonraí tugtha ag an Oifig faoi chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá na trí chonradh thuasluaite ar áireamh sa tuairisceán bliantúil sin.

***Slándáil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide***

Feidhmíonn an Oifig rialuithe dea-chleachtais chun príomhrioscaí slándála a bhaineann le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide (TFC) a mhaolú. Próiseas leanúnach is ea córais slándála TFC a athbhreithniú, agus iad a uasghrádú nuair is gá.

***Rialuithe riaracháin agus airgeadais***

Déanann an Bord Bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar rialuithe go tráthrialta. Breithníonn an Coiste Iniúchóireachta gach tuairisc iniúchóireachta inmheánaí.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Oifig lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á ndéanamh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, sa mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá le sárú ag an Oifig agus déantar iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár ar bhonn débhliantúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go mbainistítear rioscaí de réir leibhéal inghlactha.

Mionsonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus déantar freagracht i ndáil le feidhmiú rialuithe a shannadh do bhaill foirne shonracha.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an Oifig chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na hOifige ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí seachtracha agus inmheánacha agus an lucht ardbhainistíochta laistigh den Oifig atá freagrach as creat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a choimeád.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2021 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

***Saincheisteanna rialaithe Covid-19***

Tugadh faoi mheasúnachtaí ar thionchar Covid-19 sa bhliain 2021 agus shainaithin an Oifig €190,950 i gcostais a bhaineann le paindéim Covid-19, costais a bhí comhdhéanta de threalamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha chun cianobair ón mbaile (€136,750) agus costais ghlantacháin oifige bhreise (€54,200) a éascú.

**Maria Browne**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

30 Márta 2022

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 6 Oifig an Phriomh -Aturnae Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 6 Oifig an Phriomh-Aturnae Stáit don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2021, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Bonn faoin tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Níl baint ná páirt agam le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

29 Meitheamh 2022

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as na nithe seo a leanas:

- an cuntas leithreasa a ullmhú de réir alt 22 den Exchequer and Audit Departments Act 1866
- a chinntiú go gcomhlíonann an cuntas leithreasa ceanglais na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus ordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú, agus
- cur chun feidhme a dhéanamh ar cibé rialú inmheánach a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun cuntas leithreasa a ullmhú atá saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an cuntas leithreasa a iniúchadh agus tuairisciú air do Thithe an Oireachtais, á lua cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair go cuí sa chuntas.

Tá sé mar chuspóir agam agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnach a fháil ar cé acu atá nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Is ionann dearbhú réasúnach agus leibhéal ard dearbhaithe. Mar sin féin, ní deimhniú é gur i ngach cás ina bhfuil sé ann a aimseofar míráiteas ábhartha le linn iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht. Is féidir le míráitis teacht as calaois nó earráid agus meastar iad a bheith ábhartha más amhlaidh ina n-aonar nó mar chomhiomlán a d'fhéadfaí a bheith ag súil leis le réasún go rachadh siad i bhfeidhm ar chinntí eacnamaíocha a dhéanann úsáideoirí ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar bun ar fud an iniúchta. Le linn déanamh amhlaidh,

- Déanaim sainaithint agus measúnú ar na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha sna ráitis airgeadais, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis; ceapaim nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrúil do na rioscaí sin agus cuirim i bhfeidhm iad; agus faighim fianaise iniúchta is leor agus is cuí chun bunús a thabhairt do mo thuairim. Is airde an baol nach mbraithfí míráiteas ábhartha de bharr calaoise ná de bharr earráide, toisc go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnamh d'aon ghnó, mífhaisnéis nó sárú ar an rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.
- Gnóthaím tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a cheapadh atá oiriúnach do na cúinsí. Ní dhéanaim amhlaidh, áfach, chun tuairim a thabhairt ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta maidir le raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus le fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha i rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta, i measc ábhair eile.

Tuairiscím trí eisceacht i gcás gurb amhlaidh, i mo thuairimse,

- nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim do m'iniúchadh, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun mé a chumasú iniúchadh réidh cuí a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

### Tuairisciú ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

Ní chumhdaíonn mo thuairim ar an gcuntas leithreasa an ráiteas ón Oifigeach Cuntasaíochta faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ní chuirim aon chinneadh dearbhaithe in iúl ina leith.

I dtaca leis an iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, le linn déanamh amhlaidh, a bhreithniú cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh atá an fhaisnéis atá tugtha laistigh de neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis an gcuntas leithreasa nó le heolas a gnóthaíodh le linn an iniúchta nó atá an chuma uirthi ar shlí eile go ndearnadh míráiteas ábhartha ina leith. Más amhlaidh, bunaithe ar an obair a rinne mé, go gcinnim go ndearnadh míráiteas ábhartha, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le linn an iniúchta le fianaise a fháil ar rialtacht na n-idirbheart airgeadais. Ceanglaítear orm faoi alt 3 den Acht um Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tuairisciú i gcás go sainaithním aon chás ábhartha nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe ann nó nach ndearnadh na hidirbhearta de réir na n-údarás a bhí á rialú ann.

Ceanglaítear orm freisin faoi Acht 1993 tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as m'iniúchtaí ar na cuntais leithreasa is cuí liom. I gcásanna den sórt sin, tagraítear sna deimhnithe tuairime ar na cuntais leithreasa lena mbaineann don chaibidil ábhartha/do na caibidlí ábhartha sa *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí* uaim, ar tuarascáil bhliantúil í.

## Vóta 6 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

## Cuntas Leithreasa 2021

| | | 2021 | | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Seirbhísí dlí a sholáthar | | | | |
| | *Bunaidh* | 38,495 | | | |
| | *Forlíontach* | 3,000 | | | |
| | | | 41,495 | 41,432 | 38,050 |
| **Ollchaiteachas** | | | **41,495** | **41,432** | **38,050** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **810** | **1,530** | **904** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunaidh* | 37,685 | | | |
| | *Forlíontach* | 3,000 | | | |
| | | | **40,685** | **39,902** | **37,146** |

**Farasbarr**

Tá an farasbarr ar an tsuim a soláthraíodh ar an nglansuim a cuireadh i bhfeidhm dlite lena ghéilleadh don Státchiste.

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Farasbarr le géilleadh** | **783,138** | **234,806** |

**Maria Browne**
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit

30 Márta 2022

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2021

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 18,405 | 16,088 |
| Pá | | 20,275 | 19,183 |
| Neamhphá | | 2,752 | 2,779 |
| **Ollchaiteachas** | | **41,432** | **38,050** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **1,530** | **904** |
| **Glanchaiteachas** | | **39,902** | **37,146** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (217) | | |
| Dímheas | 296 | 79 | (227) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (1,689) | | |
| Méadú ar stoc | (5) | (1,694) | 3,333 |
| | | | |
| **Caiteachas díreach** | | **38,287** | **40,252** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 4,778 | 3,612 |
| Measchíosanna | | 865 | 865 |
| **Glanchostas an chláir** | | **43,930** | **44,729** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

I ndáil le Vóta 6 a tabhaíodh in áit eile, tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas.

| | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 3,254 | 2,091 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 1,447 | 1,493 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 31 | 28 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 46 | — |
| | | **4,778** | **3,612** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2021

| | Nóta | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 659 | 738 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 1,548 | 1,381 |
| Stoic | 2.3 | 38 | 33 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 308 | 330 |
| Ioncam fabhraithe | 2.5 | 9,770 | 9,818 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 45 | 117 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.7 | 24 | (43) |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **11,733** | **11,636** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.8 | 4,641 | 6,400 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.9 | 1,617 | 1,455 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **6,258** | **7,855** |
| **Glansócmhainní reatha** | | 5,475 | 3,781 |
| **Glansócmhainní** | | **6,134** | **4,519** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.10 | **6,134** | **4,519** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Trealamh oifige | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2021 | 5,151 | 1,748 | 6,899 |
| Breiseanna | 217 | — | 217 |
| Diúscairtí | (8) | — | (8) |
| Costas nó luacháil ag an 31 Nollaig 2021 | 5,360 | 1,748 | 7,108 |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2021 | 4,537 | 1,624 | 6,161 |
| Dímheas don bhliain | 276 | 20 | 296 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (8) | — | (8) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2021 | 4,805 | 1,644 | 6,449 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2021** | **555** | **104** | **659** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020 | 614 | 124 | 738 |

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 1,547 | 1,378 |
| Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála | 1 | 3 |
| | **1,548** | **1,381** |

**Cuntais bhainc neamhvóta**

Coinníonn CSSO roinnt cuntas bainc ina bhfuil airgead ar iontaobhas thar ceann ranna agus oifigí cliant agus tríú páirtí a bhíonn páirteach in idirbhearta maoine den chuid is mó. Ní dhéantar aon airgead atá dlite do vóta CSSO ná a íoctar ó vóta CSSO a tharchur trí na cuntais bhainc sin. B'ionann an tsuim a bhí coinnithe i gcuntais den chineál sin ag deireadh na bliana 2021 agus €11.47 milliún (2020: €7.67 milliún) agus níl sé sin ar áireamh sa chuntas leithreasa.

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Stáiseanóireacht | **38** | **33** |

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Bogearraí agus cothabháil eile | 179 | 211 |
| Seirbhísí faisnéise | 87 | 84 |
| Eile | 42 | 38 |
| | **308** | **330** |

## 2.5 Ioncam fabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir | 9,818 | 9,829 |
| Fáltais airgid | (48) | (21) |
| Socraíochtaí | — | (54) |
| Breiseanna | — | 64 |
| Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig | **9,770** | **9,818** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Tuarastail in-fhorchúitithe | — | 26 |
| Suim in-fhorchúitithe i ndáil leis an scéim pas taistil | 14 | 13 |
| Suim in-fhorchúitithe i ndáil leis an scéim um rothaíocht chun na hoibre | 6 | 9 |
| Aturnaetha Stáit | 25 | 69 |
| | **45** | **117** |

## 2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 783 | 235 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (807) | (192) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **(24)** | **43** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 1,548 | 1,381 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 45 | 117 |
| | 1,593 | 1,498 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (1,304) | (1,034) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (313) | (421) |
| | (1,617) | (1,455) |
| | **(24)** | **43** |

## 2.8 Speansais fhabhraithe

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Táillí abhcóidí | 4,488 | 6,206 |
| Speansais ghinearálta dlí | 33 | 75 |
| Speansais theagmhasacha | 43 | 61 |
| Innealra oifige | 34 | 17 |
| Postas agus teileachumarsáid | 16 | 13 |
| Speansais eile | 27 | 28 |
| | **4,641** | **6,400** |

## 2.9 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 379 | 364 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 213 | 194 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 622 | 395 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 84 | 78 |
| Cáin bhreisluacha | 5 | 2 |
| Cáin mhaoine áitiúil | 1 | 1 |
| | 1,304 | 1,034 |
| Maoin stáit – eastáit eiséata [a] | 313 | 421 |
| | **1,617** | **1,455** |

Nóta [a] Tá an t-iarmhéid seo dlite don Stát chomh maith. Taispeántar ar leithligh é sa tábla thuas mar go n-eascraíonn na suimeanna eile uile atá dlite don Stát as oibríochtaí leanúnacha CSSO agus baineann an figiúr atá luaite le heastáit eiséata le hairgead tirim a bailíodh ó thríú páirtithe seachtracha ar ina leith atá CSSO ag fanacht ar threoracha diúscartha.

## 2.10 Cuntas maoinithe stáit

| | Nóta | | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 4,519 | 7,625 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 40,685 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (783) | | |
| Glanvóta | | | 39,902 | 37,146 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 4,778 | 3,612 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 865 | 865 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (43,930) | (44,729) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **6,134** | **4,519** |

## 2.11 Ceangaltais

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Earraí agus seirbhísí a fháil | **1,161** | **832** |

## 2.12 Dliteanais aibithe

| ag an 31 Nollaig | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh glanta ag deireadh na bliana | **21** | **69** |

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas riaracháin atá leagtha amach thíos ar áireamh i gClár A chun costais iomlána an chláir a chur i láthair.

| | | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 19,537 | | | |
| | | *Forlíontach* | 772 | | | |
| | | | | 20,309 | 20,275 | 19,183 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 90 | | | |
| | | *Forlíontach* | (65) | | | |
| | | | | 25 | 26 | 35 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,038 | | | |
| | | *Forlíontach* | (32) | | | |
| | | | | 1,006 | 958 | 954 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 310 | | | |
| | | *Forlíontach* | 40 | | | |
| | | | | 350 | 349 | 341 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 750 | | | |
| | | *Forlíontach* | 362 | | | |
| | | | | 1,112 | 1,199 | 1,225 |
| vi | Costais áitribh oifige | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 250 | | | |
| | | *Forlíontach* | (62) | | | |
| | | | | 188 | 170 | 181 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar bheartais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 100 | | | |
| | | *Forlíontach* | (30) | | | |
| | | | | 70 | 50 | 63 |
| | | | | **23,060** | **23,027** | **21,962** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**i Tuarastail, pá agus liúntais**

*Soláthar meastacháin €19.537 milliún; toradh €20.275 milliún*

Is mar gheall (i) ar an ngá a bhí ann le folúntais de bharr saoire mháithreachais a líonadh agus (ii) ar ghlanéifeacht Chiorcláin 07/2019 agus 04/2020 ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le sochar incriminteach agus Comhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí 2018-2020,a chur i bhfeidhm a bhí barraíocht €738,000 i gceist leis an bhfotheideal seo.

**v Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha**

*Soláthar meastacháin €750,000; toradh €1.199 milliún*

Ba mar thoradh ar mheascán de chaiteachas ar na huasghráduithe ar an gcóras bainistíochta cáis/taifead, ar an gcóras bainistíochta airgeadais, ar rolladh amach Windows 10 agus ar ghutháin phóca/ceadúnais nua a bhí barrachas €449,000 i gceist leis an bhfotheideal seo.

## Clár A Seirbhísí dlí a sholáthar

| | | | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 19,537 | | | |
| | | *Forlíontach* | 772 | | | |
| | | | | 20,309 | 20,275 | 19,183 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,538 | | | |
| | | *Forlíontach* | 213 | | | |
| | | | | 2,751 | 2,752 | 2,779 |
| A.3 | Seirbhísí seachtracha dlí [a] | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 220 | | | |
| | | *Forlíontach* | (66) | | | |
| | | | | 154 | 162 | 142 |
| A.4 | Táillí abhcóidí [a] | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 15,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,600 | | | |
| | | | | 17,600 | 17,537 | 15,246 |
| A.5 | Speansais ghinearálta dlí [a] | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 1,200 | | | |
| | | *Forlíontach* | (519) | | | |
| | | | | 681 | 706 | 700 |
| | | | | **41,495** | **41,432** | **38,050** |

Nóta [a] As an gcaiteachas ar sheirbhísí dlí a tabhaíodh faoi A.3 go A.5 thuas, íocadh €17.5 milliún amach thar ceann 27 gcinn de ranna/oifigí sa bhliain 2021 (2020: €15.44 milliún, 29 gcinn de ranna/oifigí).

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár A €2.937 milliún níos airde ná mar a soláthraíodh i dtús báire. Bhain €952,000 den chaiteachas sin le caiteachas riaracháin, atá mínithe cheana féin, agus tharla iarmhéid na difríochta €1.985 milliún mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha:

**A.4 Táillí abhcóidí**

*Soláthar meastacháin €15 mhilliún; toradh €17.537 milliún*

Ba mar thoradh ar na hiarrachtaí suntasacha a rinne an Oifig an líon nótaí táillí a bhí dlite thar téarma a laghdú a bhí an barrachas €2.537 milliún sa bhreis ar an soláthar meastacháin bunaidh i gceist.

**A.5 Speansais ghinearálta dlí**

*Soláthar meastacháin €1.2 milliún; toradh €706,000*

Ba mar thoradh ar an neamhchinnteacht a bhaineann leis an dul chun cinn a dhéantar i dtaobh cásanna cúirte sna cúirteanna a bhí an coigilteas €494,000 i gcaiteachas a bhain leis an soláthar meastacháin bunaidh i gceist.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2021 | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1 | Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit | 200 | 812 | 221 |
| 2 | Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí | 610 | 718 | 683 |
| | **Iomlán** | **810** | **1,530** | **904** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i leithreasaí-i-gcabhair (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí leithreasaí-i-gcabhair €720,000 níos mó ná an meastachán bunaidh. Tá mínithe ar na difríochtaí leagtha amach thíos:

**1 Costais agus táillí a fuair Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit**

*Meastachán €200,000; réadaithe €812,000*

Ba mar thoradh ar na costais aisghabhála nach raibh súil leo i gcúig chás, a raibh luach €644,000 ar an iomlán orthu (arb ionann an aisghabháil ba mhó díobh agus €295,000) a bhí fáltais bhreise €612,000 i gceist sa bhliain 2021.

**2 Fáltais ó ranníocaíochtaí breise aoisliúntais ar luach saothair seirbhíse poiblí**

*Meastachán €610,000; réadaithe €718,000*

Ba mar thoradh ar an méadú sa líon foirne a bhí €108,000 i bhfáltais bhreise i gceist sa bhliain 2021.

### 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais faoi alt 10 den Acht Maoine Stáit, 1954 | 387 | 899 |
| Fáltais faoi alt 31 den Acht Maoine Stáit, 1954 | 1 | — |
| Aistrithe chuig an Státchiste | (388) | (899) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **—** | **—** |

# Nóta 5 Foireann agus Luach Saothair

## 5.1 An líon fostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha ag deireadh na bliana | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Foireann CSSO a bhí dírithe ar phríomhghníomhaíochtaí | 288 | 271 |
| Foireann CSSO a bhí ag obair ar thionscadail do ranna/oifigí eile | 15 | 13 |
| | **303** | **284** |

## 5.2 Pá

| | 2021<br>€000 | 2020<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 19,473 | 18,413 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 158 | 101 |
| Liúntais eile | 8 | 8 |
| Ragobair | 16 | 21 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,872 | 1,726 |
| **Pá iomlán** | 21,527 | 20,269 |
| Aisghabhálacha ó ranna/oifigí eile | (1,252) | (1,086) |
| **Costas iomlán pá a thabhaigh an Vóta** | **20,275** | **19,183** |

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is airde | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
| Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 54 | 2 | 16,465 | 11,047 |
| Liúntais eile | 4 | — | 1,917 | 1,870 |
| Ragobair | 14 | — | 3,764 | 10,137 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin | 5 | 1 | 10,479 | 13,112 |

## 5.4 Ró-íocaíochtaí párolla

| ag an 31 Nollaig | **Líon na bhfaighteoirí** | **2021**<br>**€** | **2020**<br>**€** |
|---|---|---|---|
| Ró-íocaíochtaí | 21 | 24,627 | 23,104 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 14 | 11,973 | 12,497 |

## 5.5 Tuarastal an Oifigigh Cuntasaíochta

Amhail an 31 Nollaig 2021, is ag grád an Ard-Rúnaí - Leibhéal III atá tuarastal reatha an Oifigigh Cuntasaíochta, áit arb ionann an t-olltuarastal bliantúil agus €192,474 (amhail an 31 Nollaig 2020, b'ionann é agus €190,568).

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Díscríobh

Rinneadh na suimeanna seo a leanas a dhíscríobh sa bhliain:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Aturnaetha Stáit | 44 | — |

Nóta Léirítear sa tsuim atá díscríofa caiteachas neamhdhearbhaithe ag Aturnaetha Stáit áitiúla sa tréimhse ó 2004 go 2007 a meastar é a bheith do-aisghafa ós rud é nach Aturnaetha Stáit a thuilleadh iad na daoine atá i gceist.